daonáireamh census
census.ie

# Leabhrán Eolais don Iarrthóir

## Folúntais Shealadach d'Oifigigh Idirchaidrimh Daonáirimh agus do Mhaoirseoirí Réigiúnacha Daonáirimh

**Dáta deiridh: 06/05/2026**

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

# Folúntais Shealadach d'Oifigigh Idirchaidrimh Daonáirimh agus do Mhaoirseoirí Réigiúnacha Daonáirimh

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tiomanta do bheartas comhdheiseanna. Reáchtálfar an comórtas seo i gcomhréir leis na cóid chleachtais ullmhaithe ag na Coimisinéirí um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Foilsíonn An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse cóid chleachtais agus tá siad ar fáil ag www.cpsa.ie.

Moltar d'iarrthóirí staidéar cúramach a dhéanamh ar an Leabhrán Eolais seo sula gcomhlánaíonn siad an fhoirm iarratais ar líne.


**Teagmháil**: Foireann Earcaíochta an Daonáirimh

**Ríomhphost**: census2027recruitment@cso.ie

**Uimhir Theileafóin:** 1800 90 30 90

**Suíomh Gréasáin**: www.Census.ie

# Clár Ábhair

An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) .......... 4
Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú .......... 5
Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh .......... 6
Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh .......... 8
Critéir Incháilitheachta d'Oifigigh Idirchaidrimh Daonáirimh & do Mhaoirseoirí Réigiúnacha .......... 11
Conas Iarratas a Dhéanamh .......... 14
Forbhreathnú ar an gCreat Cumais .......... 15
Téarmaí agus Coinníollacha .......... 16
An Próiseas Roghnúcháin .......... 30

# An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh Institiúid Staidrimh Náisiúnta na hÉireann. Is oifig neamhspleách í laistigh den Státseirbhís faoi choimirce Roinn an Taoisigh agus tá sí freagrach as staidreamh a bhailiú, a chur le chéile agus a scaipeadh faoi dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta, agus faoi dhálaí ginearálta eile an Stáit.

Tá 1,255 ball foirne ag an CSO, lonnaithe i gCorcaigh, agus i mBaile Átha Cliath, chomh maith le foireann allamuigh atá lonnaithe ar fud na tíre. Déanann an CSO a dícheall an tsocha*í* a choinneáil ar an eolas trí staidreamh oifigiúil, cruinn, oibiachtúil, tráthúil, inrochtana, iontaofa a chur ar fáil. Is timpeallacht oibre dhinimiciúil nuálach é an CSO a bhfuil caidrimh láidre ghairmiúla aige le comhlachtaí idirnáisiúnta.

Reáchtálfaidh an CSO Daonáireamh in 2027. Den chéad uair, beidh foirm dhaonáirimh ar líne ar fáil le haghaidh Dhaonáireamh 2027. Seo an chéad uair in Éirinn a bheidh an rogha ag an bpobal foirm dhaonáirimh a líonadh isteach ar líne, bíodh is go mbeidh foirmeacha daonáirimh páipéir ar fáil freisin. Athrú suntasach eile ná go mbeidh an daonáireamh ar fáil lena chomhlánú sna seachtainí roimh dháta an daonáirimh seachas ar aon oíche amháin.

Earcófar fórsa mór pearsanra allamuigh shealadaigh chun áireamh an daonáirimh a éascú. Chun críocha an daonáirimh, roinnfear an tír ina 46 réigiún sainithe, agus beidh idir 8 agus 13 limistéar allamuigh i ngach ceann díobh. Beidh struchtúr an fhórsa allamuigh mar seo a leanas:

- 6 Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh
- 46 Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh
- 466 Maoirseoir Allamuigh Daonáirimh
- Thart ar 3,800 Oifigeach Tacaíochta Allamuigh.

Tá comórtas á reáchtáil ag an CSO chun 6 Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh a earcú (a oibreoidh i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath) agus 46 Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh (arb é baile an oifigigh féin an áit oibre atá sainithe ag an Ard-Stiúrthóir, ach d’fhéadfadh sé sin athrú)

D’fhéadfaí conarthaí cuspóra shocraithe dar tús mhí Mheán Fómhair nach faide ná 9 mí a thairiscint d’iarrthóirí a éiríonn leo.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tá an CSO tiomanta do dhaoine cumasacha éagsúla a earcú chun deiseanna fostaíochta sa Státseirbhís a ghlacadh. Mar earcaitheoirí agus mar fhostóirí, aithnímid agus tá meas againn ar an tábhacht a bhaineann le mealladh agus fáiltiú roimh lucht saothair atá freagrúil, inrochtana, acmhainneach agus a léiríonn an pobal a bhfreastalaíonn siad air.

Creidimid go mbíonn ionaid oibre níos nuálaí, níos táirgiúla, agus go mbíonn beartais, cláir agus seirbhísí níos freagrúla agus níos ionchuimsithí mar thoradh ar státseirbhís rathúil, ionchuimsitheach a bhfuil borradh faoi de bharr rannpháirtíochta fostaithe ó gach earnáil den tsochaí. Tá ár straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú mar bhonn faoinár ngníomhaíochtaí agus ár dtionscnaimh uile.

Is fostóir comhdheiseanna í an CSO, agus níl aon uasteorainn aoise d’iarrthóirí sa chomórtas seo.

Bronnadh gradam airgid ar an CSO mar ‘Investors in Diversity in the Workplace’ (2023). Bronnadh athúníochán an gradam airgid I 2025 tríd an “Irish Centre for Diversity”

# Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh

**Eolas faoin Ról seo**

Tá an tOifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil éifeachtach agus ar reáchtáil rathúil chomhaireamh Dhaonáireamh 2027 ar fud 7–8 réigiún daonáirimh. Feidhmíonn sé mar nasc ríthábhachtach idir Ceanncheathrú Riarachán an Daonáirimh i mBaile Átha Cliath agus an oibríocht allamuigh. Cabhróidh sé leis na hullmhúcháin ghinearálta don obair allamuigh daonáirimh

Tá siad freagrach do: Bainistíocht Hhinsearach i Riarachán Lárnach an Daonáirimh

Bainistíonn siad: An obair seachtar nó ochtar Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh.

**An Áit Oibre**

Mairfidh an post seo ón 21 Meán Fómhair 2026 go dtí an 25 Meitheamh 2027. Oibreofar 41.15 uair an chloig comhlán sa tseachtain, nó 35 uair an chloig uair glan, agus is é an Phríomh-Oifig Staidrimh i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath an ceannceathrú.

**Na Príomhdhualgais**

Beidh Oifigigh Idirchaidrimh Daonáirimh lonnaithe i gCeanncheathrú an Daonáirimh i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath ar feadh tréimhse a gconarthaí. Is iad an príomhnasc idir ceanncheathrú lárnach an daonáirimh agus na hoibríochtaí allamuigh.

Beidh gach Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht an daonáirimh ar fud 7–8 réigiún ainmnithe. Áirítear leis seo monatóireacht ghéar a dhéanamh ar dhul chun cinn an chomhairimh, treoir a chur ar fáil, treoracha ó cheanncheathrú a chur ar aghaidh chuig foirne allamuigh, agus saincheisteanna oibríochtúla laethúla a réiteach. Chomh maith leis sin, beidh ar oifigigh a bheith inniúil ar an bhfeidhmchlár fóin chliste a úsáidtear chun cuairteanna ar theaghlaigh a thaifeadadh.

Ina theannta sin, tacóidh siad le foireann na ceanncheathrún maidir le hearcaíocht Maoirseoirí Allamuigh Daonáirimh agus Oifigeach Tacaíochta Allamuigh Daonáirimh.

Áirítear leis na dualgais eile:

- A bheith cumasach i mbun córas TF ábhartha, lena n-áirítear an tArdán Bainistíocht ar Caidrimh le Custaiméirí an Daonáirimh.
- Oibríochtaí allamuigh a bhainistiú agus a chomhordú chun a chinntiú go clúdaítear go hiomlán agus go héifeachtach na réigiúin a sannadh dó.
- Ceannaireacht, treoir agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil d'fhoireann Maoirseoirí Réigiúnacha.
- Rioscaí oibríochtúla a thagann chun cinn san obair allamuigh a aithint agus a bhainistiú.
- Tuarascálacha allamuigh a athbhreithniú agus a anailís a dhéanamh orthu chun treochtaí, fadhbanna maidir le dul chun cinn, nó neamhréireanna a aithint.
- Fórsa mór sealadach allamuigh a earcú, a oiliúint agus maoirseacht a dhéanamh air.
- Cabhrú le réimse freagrachtaí a bhaineann le AD ar feadh thréimhse an daonáirimh.
- Agallaimh fágála a dhéanamh agus foirmeacha measúnaithe feidhmíochta a chomhlánú nuair is gá.
- Tionscnaimh for-rochtana agus teagmhála pobail agus a phleanáil agus tacú leo chun rannpháirtíocht sa daonáireamh a chur chun cinn.

**Níl liosta cuimsitheach de na dualgais uile i gceist leis an gcur síos poist thuas agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an té a cheapfar sa phost dualgais eile a shannfaí dó a chomhlíonadh ó am go ham de réir mar is cuí. Is poist lánaimseartha iad agus ní fhéadfaidh baint a bheith ag an oifigeach le cleachtas príobháideach ná le haon ghnó seachtrach a d'fhéadfadh cur isteach air agus é ag comhlíonadh a ndualgas oifigiúil.**

# Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh

**Eolas faoin Ról seo**

Tá an Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh freagrach as a chinntiú go gcuirfear comhaireamh Dhaonáireamh 2027 i bhfeidhm go héasca agus go héifeachtach laistigh den réigiún sannadh dó. Áirítear leis sin maoirseacht ghéar a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i ngach limistéar allamuigh chun a chinntiú go ndéantar an obair go léir de réir na dtreoirlínte mionsonraithe a chuireann Ceanncheathrú an Daonáirimh i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath ar fáil, agus go mbaintear amach gach spriocdháta sonraithe.

Tá siad freagrach don Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh i gCeanncheathrú an Daonáirimh i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Bainistíonn siad obair 8 go 13 Maoirseoir Allamuigh a mbeidh foireann Oifigeach Tacaíochta Allamuigh acu féin.

**An Áit Oibre**

Mairfidh an post seo ón 19 Deireadh Fómhair 2026 go dtí 18 Meitheamh 2027, agus oibreofar 41.15 uair an chloig comhlán sa tseachtain, nó 35 uair an chloig glan. Oibreoidh an t-oifigeach san áit a shanann Ard-Stiúrthóir na Príomh-Oifige Staidrimh dó. D'fhéadfadh sé athrú ó am go ham. Faoi láthair, is é baile an oifigigh féin an áit atá á sainiú ag an Ard-Stiúrthóir mar cheanncheathrú an Mhaoirseora Reigiúnaigh Daonáirimh. Íocfar Liúntas Cóiríochta Oifige de €12.77 comhlán in aghaidh na seachtaine oibre mar chnapshuime ag deireadh théarma an chonartha as an áis sin a chur ar fáil. Féadfar an íocaíocht sin a dhéanamh nuair atá na critéir seo a leanas comhlíonta:

- ní mór don oifigeach áit stórála shábháilte rúnda a chur ar fáil ina cheanncheathrú do na hábhair agus trealaimh dhaonáirimh uile
- féadfaidh rochtain ar an ábhar sin, lena n-áirítear an ríomhaire glúine, a bheith ag daoine ar Oifigigh Staidrimh iad, agus ag na daoine sin amháin.
- tá an chóiríocht agus áiseanna eile a chuireann an t-oifigeach ar fáil oiriúnach maidir le sábháilteacht na maoine oifigiúla atá á stóráil agus reáchtáil shásúil gnó oifigiúil.

Nuair nach bhfuil an t-oifigeach sa bhaile ná sa cheanncheathrú toisc é a bheith ar dualgas, íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála leis mar is cuí de réir ghnáthrialacháin na Státseirbhíse.

**Na Príomhdhualgais**

Tá an Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh freagrach as a chinntiú go reáchtáiltearcomhaireamh an daonáirimh go héifeachtach agus go cruinn laistigh den réigiún a sannadh dó. Déanfaidh an Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh maoirseacht ar 10 go 13 Maoirseoir Allamuigh Daonáirimh, a mbainistíonn siad féin foirne Oifigeach Tacaíochta Allamuigh. Áirítear leis an ról cúnamh a thabhairt maidir le hearcaíocht agus oiliúint foirne allamuigh laistigh dá réigiún agus i réigiúin in aice láimhe, chomh maith le rialú cáilíochta dian a chur i bhfeidhm ar gach oibríocht allamuigh. Beidh ar an Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh a bheith inniúil freisin ar an bhfeidhmchlár fóin chliste a úsáidtear chun cuairteanna ar theaghlaigh a thaifeadadh. Déantar an ról faoi threoir an Oifigigh Idirchaidrimh Daonáirimh atá sannta dó.

Áirítear leis na Príomhfhreagrachtaí:

- A bheith cumasach i roinnt córas TF, lena n-áirítear an córas Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí an Daonáirimh.
- Maoirseoirí Allamuigh agus Oifigigh Tacaíochta Allamuigh a earcú, a oiliúint agus ceannaireacht éifeachtach a chur ar fáil dóibh.
- Rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí allamuigh a aithint agus a bhainistiú.
- Plean chomhaireamh an daonáirimh a chur i bhfeidhm ar an réigiún atá sannta dó de réir threoracha bainistíochta an daonáirimh.
- Réimse freagrachtaí acmhainní daonna a láimhseáil ar feadh thréimhse an daonáirimh.
- Agallaimh fágála a dhéanamh agus foirmeacha measúnaithe foirne a chomhlánú nuair is gá.
- Tionscnaimh teagmhála agus for-rochtana pobail a phleanáil agus tacú leo chun rannpháirtíocht sa daonáireamh a chur chun cinn.
- Iarratais ó na meáin áitiúla a chomhlíonadh.

**Níl sé beartaithe go mbeadh an cur síos poist thuas ina liosta cuimsitheach de na dualgais uile atá i gceist agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an sealbhóir poist dualgais eile a chomhlíonadh mar a shannfaí de réir mar is cuí don phost agus ó am go ham. Is poist lánaimseartha iad agus ní bheidh cead ag an oifigeach bheith i mbun cleachtais phríobháidigh ná a bheith ceangailte le haon ghnó seachtrach a d'fhéadfadh a bheith ina chur isteach ar dhéanamh na ndualgas oifigiúil.**





OFFICIAL

# Critéir Incháilitheachta d’Oifigigh Idirchaidrimh Daonáirimh & do Mhaoirseoirí Réigiúnacha

## 1. Critéir Riachtanacha

Ní mór d’iarrthóirí, laistigh de na deich mbliana is deireanaí, ar a laghad trí bliana de thaithí phraiticiúil a bheith acu ar dhá cheann nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

- Bainistíocht ag leibhéal sinsearach, agus é freagrach do Phríomhfheidhmeannach nó don bhainistíocht shinsearach laistigh d’eagraíocht mhór.
- Maoirseacht ar fhoireann, go hidéalach i dtimpeallacht chianoibre nó i dtimpeallacht oibre cumaisc, agus maoirseacht ar eagrú oibre d'fhoirne de dheichniúr nó níos mó.
- Cláir oiliúna a dhearadh, a eagrú agus a sholáthar.

**Critéir Shonracha don Phost**

Chomh maith leis sin, teastaíonn na scileanna seo a leanas ó iarrthóirí:

- Eolas láidir oibre a bheith acu ar an reachtaíocht maidir le cearta fostaíochta agus tuiscint mhaith a bheith acu ar na nósanna imeachta a úsáidtear laistigh de Státseirbhís na hÉireann.
- Sárchumas a léiriú sa Bhéarla scríofa agus labhartha.
- Scileanna láidre cumarsáide, idirbheartaíochta agus cothaithe caidreamh a bheith acu, agus é léirithe aige gur féidir leis plé go héifeachtach le raon leathan páirtithe leasmhara agus le baill den phobal.
- A bheith in ann oibriú go neamhspleách, go bhfuil treallús aige, agus a bheith ina chuidiú i dtimpeallacht foirne.
- A bheith in ann ualach oibre éagsúil agus éilitheach a chur in ord tosaíochta, a phleanáil agus a bhainistiú i suíomh gnóthach.
- Cumas a léiriú freagracht a ghlacadh as spriocanna feidhmíochta sainithe a bhaint amach le cuntasacht shoiléir maidir leis na torthaí.

- A bheith cumasach in úsáid feidhmchlár Microsoft Office (lena n-áirítear Word, Excel, agus Teams), fóin chliste, agus uirlisí digiteacha gaolmhara.
- A bheith ar fáil le bheith ag obair go lánaimseartha ar feadh tréimhse an chonartha.
- Ceadúnas tiomána iomlán, reatha, glan a bheith acu agus fáil a bheith acu ar charr an t-am go léir ar feadh thréimhse an chonartha.
- A bheith incháilithe faoi na riachtanais saoránachta.
- Seoladh cónaithe in Éirinn a thabhairt tráth an cheapacháin

**3. Critéir Inmhianaithe**

Bheadh na nithe seo a leanas ina mbuntáiste d'iarrthóirí:

- Bheadh Leibhéal 5 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) inmhianaithe.
- Rannpháirtíocht dhíreach maidir le hearcaíocht foirne ag gach leibhéal agus é léirithe acu go bhfuil eolas acu ar reachtaíocht fostaíochta a bhaineann le conarthaí cuspóra shocraithe, bheadh sé sin inmhianaithe.
- Rochtain iontaofa a bheith acu ar Wi-Fi ardchaighdeáin ar feadh an phróisis earcaíochta agus, má cheaptar iad, é sin a bheith acu ar feadh thréimhse an chonartha.
- Bheadh sé inmhianaithe dá mbeadh níos mó ná 2 bhliain caite acu sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí.

**4. Riachtanais Saoránachta**

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith:

**(a)** Ina saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Cuimsíonn an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

**(b)** Ina saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

**(c)** Ina saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

**(d)** Ina shaoránach neamh-LEE a bhfuil cead Stampa 4[1] nó Stampa 5 acu.

Tabhair faoi deara go bhfuil víosa 50 CAE, a cuireadh ina ionad ar Stampa 4EUFAM tar éis Brexit, inghlactha mar choibhéis Stampa 4.


**Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoi dháta aon tairiscint poist.**

**Má théann do víosa in éag, d'fhéadfaí stop a chur le d'fhostaíocht go dtí go bhfuil cead faighte agat arís oibriú sa stát.**

# Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní ghlacfar le hiarratais ach trí shuíomh gréasáin an CSO, https://recruitment.census.ie/ ón 22 Aibreán 2026 agus dúnfar an comórtas ar an 6 Bealtaine 2026, nó nuair atá 1,200 iarratas faighte, cibé acu is luaithe. Má dhúntar an comórtas roimh an 6 Bealtaine 2026, cuirfear fógra chuige sin ar an suíomh gréasáin. Beidh fáil ar ghléas agus ar Wi-Fi ag teastáil ó gach iarratasóir ar feadh thréimhse an fheachtais earcaíochta seo. Tabhair faoi deara go bhfuil comórtas aonair á reáchtáil don dá phost. Féadfaidh iarrthóirí iarratas a dhéanamh ar líne ar an dá phost bainisteora shinsearaigh nó féadfaidh siad roghnú iarratas a dhéanamh ar cheann amháin díobh. Mar sin féin, nuair atá an fhoirm curtha isteach, ní féidir ach an rogha poist a athrú, agus nuair atá an comórtas dúnta, ní féidir aon athruithe a dhéanamh.

# Forbhreathnú ar an gCóras Inniúlachta




Tacaíonn an Córas Inniúlachta leis an Státseirbhís agus leis an tSeirbhís Phoiblí lucht saothair a sheasfaidh an aimsir a thabhairt le chéile. Is mian linn cineálacha éagsúla daoine a mhealladh, a chumasú agus a fhorbairt, a bhfuil ar a gcumas agus a bhfuil na buanna acu obair i gcomhar chun barr feabhais a sholáthar thar ceann an rialtais agus ar mhaithe le muintir na hÉireann.

Tá ceithre chatagóir leathana ann, ar a dtugtar gnéithe cumais:

- Ag Ullmhú Don Todhchaí
- Soláthar atá Bunaithe Ar Fhianaise
- Treoir a Thabairt & Cumhacht a Thabhairt
- Cumarsáid & Comhoibriú

Is iad sin na tagarmharcanna a úsáidtear sa státseirbhís ag gach leibhéal chun rathúlacht a thomhas. Déantar measúnú ar Phróifíl Inniúlachta an Iarrthóra trína iompraíochtaí, scileanna, láidreachtaí, eolas, luachanna, ábhair spreagtha agus spéise i ndáil leis na gnéithe inniúlachta a scrúdú.

Maidir leis na hagallaimh seo, úsáidfidh an bord Córas Inniúlachta na Státseirbhíse. Tá míniú mionsonraithe ar an gCóras Inniúlachtaí ar fáil ag: **https://www.publicjobs.ie/en/information-hub/capability-framework**.

# Téarmaí agus Coinníollacha

**Tréimhse Oifige**

Is ceapachán sealadach, lánaimseartha, neamhbhunaithe sa Státseirbhís é seo. Ní bhaineann aon cheart chun stádais shocraithe leis trí chomórtas teoranta ná ar bhealach eile. Tagann an ceapachán faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go dtí 2005, an tAcht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, agus aon Acht ar bith eile atá i bhfeidhm de thuras na huaire i ndáil le fostaíocht Státseirbhís.

Féadfaidh ceachtar taobh an ceapachán a fhoirceannadh tráth ar bith de réir an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

De réir an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003, tá an conradh ar bhonn conartha cuspóra sheasta amháin ar na forais seo a leanas: tosóidh an ceapachán seo ar an 21 Meán Fómhair 2026 i gcás Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh agus ar an 19 Deireadh Fómhair 2026 i gcás Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh agus beidh sé chun oibríocht allamuigh dhaonáireamh 2027 a bhainistiú. Beidh deireadh leis na ceapacháin seo nuair a bheidh gach dualgas sannta curtha i gcrích ach, ar aon chuma, tráth nach déanaí ná an 25 Meitheamh 2027 i gcás Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh agus an 18 Meitheamh 2027 i gcás Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh.

Forchoimeádann an CSO an ceart fostaíocht an oifigigh a fhoirceannadh roimh an dáta scoir trí fhógra cuí a thabhairt de réir an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005. Forchoimeádann an Phríomh-Oifig Staidrimh an ceart freisin fostaíocht an oifigigh a fhoirceannadh ar chúiseanna sonraithe.

I gcás feidhmíocht dualgais mhíshásúil, féadfar an ceapachán a fhoirceannadh trí fhógra scríofa seachtain amháin roimh an dáta foirceanta beartaithe.

I gcás mí-iompair thromchúisigh, féadfar an ceapachán a fhoirceannadh gan fógra.

Má fhoirceanntar an ceapachán faoi théarmaí na míreanna thuas, ní bheidh aon luach saothair ná cúiteamh iníoctha seachas an méid is infheidhme don obair a rinneadh agus ní bheidh aon íocaíocht bhreise iníoctha.

Beidh an post seo faoi réir tréimhse promhaidh 8 seachtaine ó thosaigh an conradh a chur i gcrích go sásúil. Le linn na tréimhse promhaidh, déanfaidh bainistíocht an daonáirimh athbhreithniú ar fheidhmíocht an oifigigh chun a chinneadh cé acu:

- ar chomhlíon siad a ndualgais ar bhealach sásúil, nó nár chomhlíon,
- ar léirigh siad scileanna maithe bainistíochta ama nó agus ar chloígh siad le treoirlínte taistil nó nár chloígh,
- an raibh a cuid iompraíochta ghinearálta sásúil, nó nach raibh, agus
- tá leibhéil shásúla freastail bainte amach acu

Míneoidh bainistíocht an daonáirimh mionsonraí an phróisis phromhaidh don oifigeach. Déanfaidh bainistíocht an daonáirimh measúnú feidhmíochta ag deireadh an chonartha freisin.

Ní bheidh aon bhaint ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2015 maidir le foirceannadh fostaíochta oifigigh mar gheall ar éag an chonartha théarma sheasta seo gan é a athnuachan nó scor chuspóir an chonartha.

**Luach Saothair**

**Pá:** Maidir le post an **Oifigigh Idirchaidrimh Daonáirimh,** is é €59,435 an ráta pá coibhéiseach bliantúil. I gcás ina bhfuil an ceapaí 70 bliain d’aois nó níos sine, is é €56,607 an ráta pá coibhéiseach bliantúil, gan ailíniú le Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin. Déanfar

íocaíocht mar sheachtain dhúbailte ar an Aoine den dara seachtain, agus go seachtainiúil ina dhiaidh sin. Déantar an íocaíocht seo trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i gcuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go soláthraíonn an t-oifigeach sonraí Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN)/ Cód Aitheantais Bainc don Rannóg Earcaíochta Daonáirimh. Déanfaidh an CSO do shonraí bainc a bhailíochtú trí thríú páirtí.

**Pá:** Maidir le post an **Mhaoirseora Réigiúnach Daonáirimh**, is é €38,419 an ráta pá coibhéiseach bliantúil mar aon le liúntas €130.59 in aghaidh na seachtaine. I gcás ina bhfuil an ceapaí 70 bliain d'aois nó níos sine, is 36,843 an ráta pá coibhéiseach bliantúil, mar aon le liúntas €130.59 in aghaidh na seachtaine coibhéiseach bliantúil gan ailíniú le Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin. Déanfar íocaíocht mar sheachtain dhúbailte ar an Aoine den dara seachtain agus ansin go seachtainiúil ina dhiaidh sin. Déanfar íocaíocht mar sheachtain dhúbailte ar Aoine na dara seachtain agus ansin go seachtainiúil ina dhiaidh sin. Déantar an íocaíocht seo Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i gcuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go soláthraíonn an t-oifigeach sonraí Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN)/ Cód Aitheantais Bainc don Rannóg Earcaíochta Daonáirimh. Déanfaidh an CSO do shonraí bainc a bhailíochtú trí thríú páirtí.

**Liúntas Oibre Neamhghnácha:** Meastar go mbeidh ar Mhaoirseoirí Réigiúnacha Daonáirimh oibriú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre le linn an phróisis áirimh chun tacú lena bhfoireann Oifigeach Tacaíochta Allamuigh le linn na tréimhse is gnóthaí den chéim seachadta agus bailithe den daonáireamh. Ina theannta sin, beidh ar Mhaoirseoirí Réigiúnacha, i gcomhar le bainistíocht an CSO, clúdach a chur ar fáil do chomhghleacaithe i gceantair in aice láimhe le linn tréimhsí sealadacha asláithreachta de bharr saoire bhliantúla, saoire bhreoiteachta, nó asláithreacht dhosheachanta eile. Mar aitheantas ar an gcás oibre neamhghnáiche seo, íocfar liúntas breise aon uaire de € 1,362.19,(nó ar bhonn pro rata más infheidhme).

Tá an íocaíocht seo i bhfoirm phá agus tá sí ináirithe le haghaidh críocha pinsean. Nuair a chomhlíontar coinníollacha na híocaíochta seo, déanfar íocaíocht mar chnapshuim ag deireadh thréimhse an chonartha. Beidh ar bhaill foirne a fhaigheann an íocaíocht seo solúbthacht iomlán a chur ar fáil maidir lena láithreacht, de réir mar a éilíonn riachtanais an phoist, agus go háirithe i dtaca leis na huasphointí agus na híosphointí a bhféadfaí a bheith ag súil leo le linn thréimhse an chonartha, i bhfianaise nádúr oibríochta an daonáirimh.

Déanfaidh an CSO asbhaintí reachtúla ón tuarastal de mar is cuí. Má tá tú ag fáil pinsin seirbhíse poiblí cheana féin, d'fhéadfadh socruithe laghdaithe pá a bheith i bhfeidhm maidir le híocaíocht atá dlite duit faoin gconradh seo.

**Íocaíocht Chríochnaithe:** Ag deireadh an chonartha, féadfar íocaíocht chríochnaithe €1,200 i gcás Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh agus €1,000.00 i gcás Maoirseoirí Réigiúnacha Daonáirimh a íoc leo siúd a fhanann i bhfostaíocht go dtí nach mbeidh a seirbhísí ag teastáil a thuilleadh agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

- Go bhfuil an daonáireamh curtha i gcrích go sásúil don limistéar a raibh freagracht ar an oifigeach as,
- Gur baineadh amach na spriocdhátaí sonraithe maidir le cur i gcrích oibríochta an daonáirimh sna réigiúin daonáirimh a raibh freagracht ar an oifigeach astu,
- Gur chomhlíon an t-oifigeach a ndualgais ar bhealach sásúil,
- Gur léirigh an t-oifigeach scileanna maithe bainistíochta ama agus gur chloígh siad le treoirlínte taistil,
- Go raibh iompraíocht ghinearálta an oifigigh sásúil.

Ní sháróidh íocaíocht chríochnaithe €1,200.00 i gcás Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh ná €1,000.00 i gcás Maoirseoirí Réigiúnacha Daonáirimh, is cuma cad iad na cúinsí. Má fhoirceanntar ceapachán oifigigh sula mbeidh gach dualgas sannta curtha i gcrích, déanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh measúnú ar tháillí agus ar liúntais dlite (más ann dóibh) bunaithe ar a meastachán ar an gcéatadán den obair iomlán a chuir an t-oifigeach i gcrích go sásúil. Ní bheidh aon íocaíocht chríochnaithe iníoctha in aon chás den sórt sin.

**Ró-íocaíocht tuarastail:** Aontóidh oifigigh go bhféadfar aon ró-íocaíocht tuarastail nó costais taistil agus chothaithe a asbhaint ó íocaíochtaí tuarastail amach anseo atá dlite dóibh de réir an Achta um Íoc Pá, 1991. Cuirfidh an CSO in iúl i scríbhinn méid agus sonraí aon ró-íocaíochta den sórt sin agus tabharfaidh sé fógra seachtaine ar a laghad maidir leis an asbhaint atá le déanamh agus asbhainfidh sé an ró-íocaíocht laistigh de shé mhí ón bhfógra sin de réir an Achta. Déanfar é seo a bhainistiú de réir Chiorclán 07/2018.

**Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais:**

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Bhreise de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

Féadfaidh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm ag brath ar do chúinsí pearsanta, lena n-áirítear fostaíocht roimhe seo sa tseirbhís phoiblí.

**Freastal ar Oiliúint**

Beidh ar gach oifigeach freastal ar aon chúrsa oiliúna nó seisiúin faisnéise (ar líne nó go pearsanta) a mheastar a bheith riachtanach agus dul i dtaithí ar na doiciméid treorach a chuirtear ar fáil.

**Ceanncheathrú**

Beidh ceanncheathrú an oifigigh mar a ainmneoidh Ard-Stiúrthóir an CSO ó am go ham. Nuair a bhítear imithe ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dualgas oifigiúil, íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála leat mar is cuí, faoi réir ghnáthrialacháin na Státseirbhíse. Ní íoctar costais taistil maidir le turas nó cuid de thuras a chlúdaíonn ghnáthbhealach iomlán an oifigigh ón mbaile go ceanncheathrú nó cuid de.

**Úsáid Cairr**

Ní mór don oifigeach ceadúnas tiomána reatha iomlán a bheith acu agus a gcarr féin nó úsáid cairr go lánaimseartha le linn na tréimhse fostaíochta.

Is ar an oifigeach atá an fhreagracht a chinntiú, trí dhul i gcomhairle lena soláthraí árachais, go gclúdaíonn a bpolasaí mótarárachais reatha tiomáint agus iad fostaithe ar dhualgais daonáirimh. Féadfar oifigigh a bhfuil orthu préimheanna níos airde a íoc chun clúdach árachais a fháil dá gcarranna féin toisc go n-iompraíonn siad earraí nó trealamh agus iad ag taisteal ar ghnó oifigiúil a aisíoc, ar tháirgeadh na bhfáltas riachtanach agus litir ón gcomhlacht árachais a mhíníonn an chúis leis an gcaiteachas breise.

Sula n-úsáidtear a charr chun críocha oifigiúla, beidh ar an oifigeach foirm ghealltanais a shíniú. Eiseoidh an CSO an fhoirm seo dóibh. Nuair atá siad ag taisteal i gcarr ar dhualgas oifigiúil, níl sé ceadaithe paisinéirí nach pearsanra daonáirimh iad a iompar ná a bheith mar phaisinéir ag duine nach bhfuil fostaithe ag an daonáireamh.

Má tharlaíonn sé nach bhfuil oifigeach in ann na forálacha thuas a chomhlíonadh a thuilleadh, cuirfear deireadh lena gceapachán go huathoibríoch.

**Saoire Bhliantúil**

Don Oifigeach Idirchaidrimh Daonáirimh beidh 29 lá oibre sa bhliain mar shaoire bhliantúil pro rata.

Don Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh beidh 23 lá oibre sa bhliain mar shaoire bhliantúil pro rata.

Tá an liúntas seo, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na Gnáthlaethanta Saoire Poiblí san áireamh ann.

**Saoire Bhreoiteachta**

Íocfar pá le linn saoire bhreoiteachta chuí-dheimhnithe ar bhonn pro rata, ar choinníoll nach mbeidh aon fhianaise ann go bhfuiltear míchumasach go buan le haghaidh seirbhíse, de réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta. Beidh ar cheapaithe a íocfaidh ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú lena n-údaraítear don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an CSO. Braithfidh íocaíocht tuarastail le linn na breoiteachta ar na héilimh chuí a bheith á ndéanamh ag an gceapaí le haghaidh sochar árachais shóisialta leis an Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach laistigh den teorainn riachtanach.

**Aoisliúntas agus Scor**

Cuirfear na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí ar fáil don iarrthóir rathúil de réir mar atá i bhfeidhm sa Státseirbhís tráth a thairgfear an ceapachán dó/di. Go ginearálta, tairgfear ceapachán do dhuine nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí ar bhonn ballraíochta sa Scéim Pinsin Aonair don tSeirbhís Phoiblí ("an Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie.

I gcás gur oibrigh an duine ceaptha i bpost sa tseirbhís phoiblí inphinsin (nach faoi théarmaí na Scéime Aonair é) laistigh de 26 seachtaine roimh an gceapachán, nó má tá sé/sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá nó gan phá faoi láthair, d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a

bheith i bhfeidhm. Cinnfear teidlíocht pinsin na ndaoine ceaptha sin i gcomhthéacs a stair fostaíochta sa tSeirbhís Phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is í an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha ná an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, arb é 66 í faoi láthair.
- Aois scoir: Ní mór do chomhaltaí na Scéime dul ar scor nuair a shroicheann siad 70 bliain d'aois.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (carnann pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasghrádú gach bliain de réir an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí).
- Tá méaduithe pinsin i ndiaidh scoir nasctha leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí.

**Laghdú ar Phinsin (Le haistriú)**

- Má bhí an duine ceaptha fostaithe roimhe seo sa tSeirbhís Shibhialta nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá sé/sí ag fáil pinsin ón tSeirbhís Shibhialta nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó má thagann pinsean dá leithéid i bhfeidhm le linn a athfhostaithe, **beidh an pinsean sin faoi réir laghdaithe** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Trí iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdaithe, nuair is infheidhme. Ní mheastar go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaithe le hiarratas ar tharscaoileadh ar laghdú maidir le ceapacháin don phost seo.**

- Mar sin féin, más rud é go raibh an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe deonacha luathscoir (seachas an Scéim Dreasachtaí Luathscoir, Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte VER/VRS nó Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a dhéanann duine neamh-incháilithe don chomórtas), stopfaidh

an teidlíocht phinsin sin ón dáta athcheapacháin. Féadfar, áfach, socruithe speisialta a dhéanamh chun seirbhís roimhe seo a thug an ceapaí a chur san áireamh chun críocha aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo dá bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe.

- **Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna Ciorclán 102/2007**
  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 de na doiciméid chiorcláin ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear iad ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, go stopfaidh íocaíocht an phinsin leis an duine sin faoin scéim láithreach. Atosófar íocaíochtaí pinsin, áfach, ar stopadh na fostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís.
- **Scor ar Ar Chúinsí Easláinte**
  Tabhair faoi deara go bhfuil ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar chúinsí easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhú, ag an gcéim iarratais tosaigh, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu don eagraíocht atá ag reáchtáil an chomórtais earcaíochta.

  Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas, ag cur san áireamh an riocht a cháiligh iad don scor dar chúinsí easláinte.

**Ceapachán tar éis scoir ar chúinsí easláinte ón Státseirbhís**

Má éiríonn lena n-iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart don iarratasóir a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- Má mheastar go bhfuil sé/sí oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus má shanntar iad do phost, scoirfidh a phinsean Státseirbhíse ar chúinsí easláinte.
- Má theipeann ar an iarratasóir an tréimhse promhaidh a chríochnú ina dhiaidh sin nó má chinneann siad a bpost sannta a fhágáil, ní bheidh aon fhilleadh ar stádas scóir ar

chúinsí easláinte na Státseirbhíse ná aon athbhunú ar an bpinsean scoir ar chúinsí easláinte na Státseirbhíse a bhí ann roimh an iarratas ná ní bheidh teidlíocht chuige.

- Beidh an t-iarratasóir ina chomhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar cheapachán má bhí briseadh níos mó ná 26 seachtaine aige/aici i seirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin.

**Ceapachán tar éis scoir ar chúinsí easláinte ón tSeirbhís Phoiblí:**

- I gcás gur chuaigh duine ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, féadfaidh a phinsean ar chúinsí easláinte ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir rialacha scor ar chúinsí easláinte faoin scéim sin.
- Má éiríonn le hiarratasóir, ar cheapachán beidh orthu a dhearbhú cé an bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (ar chúinsí easláinte nó eile) á fháil acu nó nach bhfuil, agus féadfaidh a phinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir laghdaithe.
- Beidh an t-iarratasóir ina chomhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar cheapachán má bhí briseadh níos mó ná 26 seachtaine acu i seirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin.

Tabhair faoi deara go bhfuil tuilleadh eolais mhionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean ar fhorais sláinte seirbhíse sibhialta nó poiblí ar fáil ar iarratas. Nasc an leithneach anseo.

**Bailiú Pinsean**

De réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí, 2012, beidh teorainn 40 bliain i bhfeidhm le seirbhís iomlán ar féidir í a chur san áireamh i bpinsean i gcás ina bhfuil é an duine lena mbaineann ina bhall de níos mó ná ceann amháin de scéimeanna pinsin na seirbhíse poiblí, ar scéimeanna iad a bhí ann cheana (i.e. scéim nach scéim pinsin aonair é). Foráiltear an teorainn 40 bliain sin san Acht. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist leis sin d'aon duine ceaptha a bhfuil teidlíochtaí pinsin acu de bharr gur oibrigh siad sa tseirbhís phoiblí cheana.

**Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise**

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Bhreise de réir an Achta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair faoi deara** go mbíonn asbhaintí na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (an phríomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) atá le híoc faoi rialacha do scéime pinsin.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Scéim Pinsin Aonair don tSeirbhís Phoiblí, féach ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie.

**Teorainneacha áirithe ar incháilitheacht**

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí**

Thug litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann a baineadh amach idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí de chuid Chomhdháil na gCeardchumann i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia d'fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Is coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe d'athfhostaíocht sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh a bhfostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a n-éireodh leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Scéim Dreasachtaí Luathscoir**

Is coinníoll den Scéim Dreasachtaí Luathscoir mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach bhfuil daoine a chuaigh ar scor faoin Scéim sin incháilithe iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh daoine mar sin atá ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)**

Thug Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte agus Leanaí dar dáta 1 Samhain 2010 isteach Scéim Dheonach Spriocdhírithe Luathscoir agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí. Is coinníoll den Scéim Dheonach Spriocdhírithe Luathscoir é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe d'athfhostaíocht san earnáil sláinte phoiblí ná sa tseirbhís phoiblí níos leithne

ná i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha as cistí poiblí. Baineann an toirmeasc céanna le hathfhostaíocht leis na Scéimeanna Iomarcaíochta Deona, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as an Scéim Dheonach Luathscoir incháilithe chun a bheith san iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an Scéim Iomarcaíochta Deonaí agus a n-éireodh leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013)**

Thug Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Scéim Iomarcaíochta Deonaí isteach d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí dar dáta 28 Meitheamh 2012 mar atá mionsonraithe thuas, is coinníoll ar leith é den Scéim Dheonach Luathscoir sin nach mbeidh daoine incháilithe d'athfhostaíocht in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta imeachta faoin Scéim seo. Baineann na coinníollacha seo freisin le rannpháirtíocht/fostaíocht ar bhonn conartha seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

**Dearbhú**

Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim seirbhíse poiblí dreasachtaí luathscoir roimhe seo agus/nó an comhaontú comhchoiteann atá leagtha amach thuas. Beidh ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí do shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó nuair a fuair siad íocaíocht in ionad i leith seirbhíse in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.





OFFICIAL

**Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna Ciorclán 102/2007**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 de na doiciméid chiorcláin ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear iad ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, go stopfaidh íocaíocht an phinsin leis an duine sin faoin scéim láithreach. Atosófar íocaíochtaí pinsin, áfach, ar stopadh na fostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inchurtha iarbhír an duine mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a bronnadh roimhe seo san áireamh i ríomh íocaíocht an phinsin).

**Scor ar Ar Chúinsí Easláinte**

Tabhair faoi deara go bhfuil ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar chúinsí easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhú, ag an gcéim iarratais tosaigh, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu don eagraíocht atá ag reáchtáil an chomórtais earcaíochta.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas, ag cur san áireamh an riocht a cháiligh iad don scor dar chúinsí easláinte.

**Rúndacht, Príobháideacht agus Caighdeáin Iompraíochta**

Le linn na tréimhse fostaíochta beidh an ceapaí faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963 mar a leasaíodh leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Aontóidh an ceapaí gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtí i rith thréimhse na fostaíochta ná aon tráth ina dhiaidh sin. Ceapfar ceapaithe mar Oifigeach Staidrimh faoin Acht Staidrimh, 1993 ar feadh théarma an chonartha seo. Aontóidh ceapaithe cloí leis na rialacha a rialaíonn Oifigigh Staidrimh mar atá leagtha amach san Acht.

**Carachtar**

Ní mór dea-theist a bheith ar iarrthóirí nó ar shealbhóirí poist.

**Cód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar**

Beidh oifigeach faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995**

Beidh feidhm leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, de réir mar is cuí, i ndáil leis an fhostaíocht seo.

**An tAcht Staidrimh 1993**

Beidh an ceapaí ina Oifigeach Staidrimh faoin Acht, agus beidh orthu gealltanas a shíniú gan aon fhaisnéis a fhaightear le linn a ndualgas a nochtadh d'aon duine nó comhlacht neamhúdaraithe.

**Cárta Údaraithe**

Cuirfear cárta údaraithe (cárta aitheantais) ar fáil do gach oifigeach a dheimhníonn a gceapachán. Ní mór an cárta seo a iompar i gcónaí agus iad ar dualgas agus ní mór é a thaispeáint nuair a iarrtar.

**Cead Roimh Fhoilsiú**

Aontóidh gach oifigeach nach bhfoilseoidh siad ábhar a bhaineann lena gcuid dualgas oifigiúil gan cead roimh ré ón Aire.

**Gníomhaíocht Pholaitiúil**

Le linn théarma a bhfostaíochta beidh gach oifigeach faoi réir na rialacha maidir Ir státseirbhísigh agus cúrsaí polaitíochta. Áirítear leis seo cosc ar chanbhásáil pholaitiúil.

**Fostaíocht Sheachtrach**

Beidh an post lánaimseartha agus ní fhéadfaidh an ceapaí cleachtas príobháideach a dhéanamh ná a bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a ndualgais oifigiúla ar aon bhealach, a chuireann isteach ar fheidhmíocht nó a chuireann a n-ionracas i mbaol.

Tá tuilleadh sonraí agus ciorcláin maidir leis na téarmaí agus coinníollacha seo ar fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://www.gov.ie/en/circulars/

**Cáipéisíocht agus Trealamh an Daonáirimh**

Fanfaidh an cháipéisíocht, trealamh etc uile. a eisíonn an CSO d'oifigeach chun críocha a gcuid oibre ar an daonáireamh mar mhaoin an CSO. Beidh siad faoi oibleagáid aire mhaith a thabhairt do gach maoin den sórt sin agus gach coinníoll a urramú a fhorchuireann an CSO maidir le húsáid agus cúram na maoine sin. Ar fhoirceannadh a bhfostaíochta nó ar chríochnú a ndualgas, beidh orthu gach maoin den sórt sin a thabhairt ar ais don CSO, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta d'fhóin phóca agus luchtairí, ríomhairí glúine agus trealamh coimhdeach. I gcás nach dtugtar trealamh uile an CSO ar ais, de réir mar a threoraítear, d'fhéadfaí an íocaíocht dheiridh a laghdú dá dheasca**.** Beidh ar gach oifigeach cloí le Beartas Úsáide Inghlactha TFC an CSO.

**Gan Tuilleadh Teidlíochtaí**

Ní thugann rannpháirtíocht faoin gconradh seo aon teidlíochtaí d'fhostaíocht i suirbhéanna ina dhiaidh sin agus ní léiríonn sé aon ghealltanas ón CSO duine a ceapadh do Dhaonáireamh 2027 a athfhostú.

**Nóta Tábhachtach**

Is iad na príomhchoinníollacha seirbhíse a luaitear thuas agus níl i gceist gur liosta cuimsitheach iad de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a dhéanfar a leagan amach sa chonradh fostaíochta.

## An Próiseas Roghnúcháin

Tá dhá chéim ar leith sa phróiseas roghnúcháin mar atá leagtha amach thíos.

**Céim 1**

Beidh próiseas gearrliostaithe Chéim 1 bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil ar fhoirm iarratais na n-iarrthóirí. Cinnfidh an CSO líon na n-iarrthóirí a chuirfear faoi agallamh ó am go ham ag féachaint do líon na bhfolúntas atá le líonadh i ngach cuid den tír. Ós rud é go ndéanfar iarratasóirí a ghearrliostú d'agallamh bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil ina n-iarratas, tá sé an-tábhachtach an-chúram a ghlacadh agus é á chomhlánú. Ní mór d'iarratasóirí a bheith soiléir agus gonta faoin gcaoi a gcomhlíonann siad riachtanais an phoist go díreach agus iad ag comhlánú a n-iarratais mar ní dhéanfar aon toimhdí faoi éachtaí ná cumas iarratasóra.

Má tá líon na n-iarratasóirí chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh an CSO cinneadh a dhéanamh líon sonrach amháin a ghlaoch chun agallaimh. Chuige sin, scrúdóidh bord gearrliostaithe na foirmeacha iarratais agus déanfaidh siad measúnú orthu i gcoinne critéar réamhshocraithe bunaithe ar riachtanais an phoist. Roghnóidh an bord grúpa le haghaidh agallaimh a bhfuil, bunaithe ar scrúdú na bhfoirmeacha iarratais, an chuma orthu gurb iad is oiriúnaí don phost. Ní hionann sin is a rá gur gá nach mbeadh iarrthóirí eile oiriúnach nó nach mbeadh ar a gcumas tabhairt faoin gcúram; is é atá i gceist go bhfuil iarrthóirí áirithe ar cosúil, bunaithe ar an iarratas a chuir siad isteach, ar cáilithe iad agus/nó ar mó an taithí atá acu.

Is é do leas, dá bhrí sin, cuntas mionsonraithe, cruinn, beacht a thabhairt ar an bhfoirm iarratais ar na cáilíochtaí agus ar an taithí atá gnóthaithe agat.

**Céim 2**

Beidh agallamh struchtúrtha bunaithe ar inniúlachtaí i gCéim 2.

Is ar na hiarrthóirí go léir atá an fhreagracht iad féin a chur ar fáil le haghaidh agallaimh ar an dáta agus ag an am a shonróidh an CSO, ní bheidh iarratais chun ceallú cúrtha san áirimh. Beidh ar an iarrthóir aon chostas a thabhófar chun freastal ar agallamh agus, má éiríonn leo, chun glacadh leis an bhfostaíocht ina dhiaidh sin, a íoc.

Ba chóir aon riachtanais speisialta a d'fhéadfadh a bheith ag iarratasóir chun páirt a ghlacadh sa chomórtas a chur in iúl don Bhean Uasal Niamh Forde, Oifigeach Teagmhála Míchumais, dlo@cso.ie

Tá gach próiseas comórtais CSO faoi rún, agus d'fhéadfadh sárú ar an rúndacht seo tú a dhícháiliú ón gcomórtas seo.

Is sárú ar an mbeartas seo é úsáid neamhúdaraithe trealaimh taifeadta ag aon duine. D'fhéadfaí aon iarrthóir a bhfuil baint aige/aici le sárú den sórt sin a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfadh sé/sí a bheith faoi réir ionchúisimh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht & Ceapacháin), 2004.

Anuas air sin, sa chás is gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta an té a fhaightear ciontach i gcoir:

- Más amhlaidh nár ceapadh i bpost iad go fóill, cuirfear as an áireamh iad mar iarrthóir; agus
- Más amhlaidh gur ceapadh iad tar éis an phróisis earcaíochta atá faoi chaibidil, géillfidh siad an ceapachán.

**An Painéal**

Cruthófar painéal d'iarrthóirí rathúla do gach post tar éis an chomórtais seo as ar féidir an líon riachtanach oifigeach a roghnú. Ceapfar iarrthóirí rathúla ó na painéil seo de réir a n-áit ar an bpainéal agus a suíomh geografach. Ní dhearbhaíonn tairiscint conartha chun obair mar Oifigeach Teagmhála Daonáirimh nó Maoirseoir Réigiúnach Daonáirimh ar Dhaonáireamh 2027 tairiscint eile oibre sa CSO ina dhiaidh sin.

Fanfaidh an painéal i bhfeidhm ar feadh thréimhse an daonáirimh. Mar sin féin, forchoimeádann an CSO an ceart an painéal a chomhlánú nó a fhoirceannadh tráth ar bith.

**Cód Cleachtais**

Déanfar an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin seo de réir an Chóid Cleachtais dar teideal "Cód Cleachtais do Cheapacháin chuig Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí" (Uimh.

01/17) arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is féidir an Cód Cleachtais a rochtain trí chuairt a thabhairt ar www.cpsa.ie Moltar d'iarrthóirí iad féin a chur ar an eolas faoi ábhar an Chóid Cleachtais lena n-áirítear, inter alia, na forálacha a bhaineann leis na freagrachtaí a chuirtear ar iarrthóirí a ghlacann páirt sa phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin.

Pléifear le gearáin/iarratais ar athbhreithniú ag an CSO de réir na nósanna imeachta agus na dtréimhsí ama atá leagtha amach sa Chód Cleachtais.

## Nósanna Imeachta Athbhreithnithe

Tá eolas maidir le nósanna imeachta athbhreithnithe leagtha amach in Ailt 7 agus 8 den Chód Cleachtais do Cheapacháin chuig Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Tá an dá nós imeachta comheisiach seachas sna cúinsí is eisceachtúla a chinnfidh an Coimisiún dá rogha féin.

- **Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil:** Tugann an próiseas athbhreithnithe/gearáin neamhfhoirmiúil deis d'iarrthóir eolas ábhartha breise a fháil faoin gcaoi ndearnadh na cinntí ina gcás agus ar cuireadh an próiseas roghnúcháin i gcrích.

- **Baineann** nósanna imeachta athbhreithnithe Alt 7 le cásanna ina bhfuil iarrthóir míshásta le gníomh nó cinneadh i ndáil lena iarrthóireacht (ach nach gcreideann siad gur sáraíodh an Cód Cleachtais).

- **Baineann** nósanna imeachta athbhreithnithe Alt 8 le cásanna ina gcreideann iarrthóir gur sháraigh gné den phróiseas Cód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

### Iarratais ar Athbhreithniú

Ba chóir iarratais ar athbhreithnithe neamhfhoirmiúla agus foirmiúla a chur chuig Census2027Recruitment@cso.ie. Ba chóir d'iarrthóirí a chinneadh cén nós imeachta atá oiriúnach dá gcúinsí, .i. Alt 7 nó Alt 8, agus na forais athbhreithnithe a leagan amach go soiléir agus an tAlt ábhartha den Chód a shonrú. Féadfar iarratas ar athbhreithniú a dhiúltú mura féidir leis an iarrthóir tacú lena n-iarratas.

Seo a leanas na tréimhsí ama le haghaidh iarratais ar athbhreithniú:

| Athbhreithniú ALT 7 | Athbhreithniú ALT 8 |
|---|---|
| **Céim eatramhach an chomórtais**<br>Iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil – 5 lá oibre tar éis cinneadh a fháil<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil – 5 lá oibre tar éis cinneadh a fháil<br><br>**Céim dheiridh an chomórtais**<br>Iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil – 5 lá oibre tar éis cinneadh a fháil<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil – 5 lá oibre tar éis cinneadh a fháil <u>nó</u> 5 lá oibre tar éis fógra ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil | **Céim eatramhach an chomórtais**<br>Iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil – 5 lá oibre tar éis cinneadh a fháil<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil – 5 lá oibre tar éis cinneadh a fháil<br><br>**Céim dheiridh an chomórtais**<br>Iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil – 5 lá oibre tar éis cinneadh a fháil<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil – 5 lá oibre tar éis cinneadh a fháil <u>nó</u> 5 lá oibre tar éis fógra ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil |

**Dualgais an Iarrthóra**

Ba chóir don iarrthóir a thabhairt chun aire go gcuirfidh canbhásáil an t-iarrthóir as an áireamh agus amach as an bpróiseas.

Níor cheart d'iarrthóir:

- Faisnéis atá bréagach a thabhairt d'aon ghnó ná go míchúramach
- Canbhasáil a dhéanamh ar aon duine, cibé breab nó dreasacht á thairiscint
- Cur isteach ar an bpróiseas ná dochar a dhéanamh dó ar aon bhealach

Níor cheart don tríú páirtí a theacht in ainm iarrthóra tráth ar bith i rith an phróisis. Tá duine ar bith a sháraíonn na forálacha sin thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcoir. Tá i ndán go ngearrfaí fíneáil agus/nó príosúnacht ar an té a fhaightear ciontach i gcoir.

Anuas air sin, sa chás is gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta an té a fhaightear ciontach i gcoir:

- Más amhlaidh nár ceapadh an té sin i bpost go fóill, cuirfear é/í as an áireamh mar iarrthóir; agus
- Más amhlaidh a ceapadh an té sin tar éis an phróisis earcaíochta atá faoi chaibidil, géillfidh sé/sí an ceapachán.

**Critéir faoi leith maidir le hiarrthóirí**

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas a bheith acu agus an cumas a bheith iontu dualgais an phoist a chomhlíonadh
- A bheith oiriúnach ó thaobh tréithe pearsanta
- A bheith oiriúnach ar fhorais sláinte agus aclaíochta coirp.
- A bheith oiriúnach ó thaobh gach ní eile a bhaineann le hábhar le ceapadh sa phost

Sa chás go n-éiríonn leis an iarratas, ní cheapfar iarrthóir sa phost murar amhlaidh:

- Go n-aontaítear na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhlíonadh agus glacadh leis na coinníollacha faoina ndéantar na dualgais a chomhlíonadh nó faoina bhféadfaí a éileamh na dualgais a chomhlíonadh.
- Go bhfuiltear lán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus lánchumasach maidir leis sin a dhéanamh.
- Dearbhú Sláinte agus Carachtair a Chomhlánú.

**Imréiteach Slándála**

Beidh ort foirm ríomh-Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a chur ar ais má chuirtear san áireamh thú le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig An Gharda Síochána chun seiceálacha slándála a dhéanamh ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ina raibh cónaí ort

Má bhí cónaí ort nó má rinne tú staidéar i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos faide, tá sé éigeantach duit Teastas Imréitigh ó na Póilíní ó na tíortha sin a chur ar fáil ag dearbhú nach bhfuil aon chiontuithe taifeadta i do choinne le linn duit a bheith i do chónaí ann. Beidh ort Teastas Imréitigh ó na Póilíní ar leithligh a sholáthar do gach tír ina raibh cónaí ort. Ní mór an t-imréiteach a bheith dátaithe i ndiaidh an dáta ar fhág tú an tír.

**Is ortsa atá an fhreagracht imréitigh slándála a lorg in am trátha mar d'fhéadfadh sé roinnt mhaith ama a thógáil. Ní féidir tú a cheapadh gan an fhaisnéis seo a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.**

### A mheas go bhfuil Iarrthóireacht le tarraingt siar

Is ar na hiarrthóirí atá an fhreagracht iad féin a chur ar fáil le haghaidh agallaimh agus ní chuirfear iarratais ar chur siar san áireamh. Ní féidir le hiarrthóir nach dtagann i láthair ag agallamh ag an am agus san áit a n-iarrtar, nó nach ndéanann, ar sin a iarraidh orthu, fianaise de chineál a theastaíonn ón CSO i ndáil le hábhar ar bith a bhaineann leis an iarratas, a chur ar fáil, a éileamh go ndéanfaí iarratas a mheas thairis sin.

### Eolas Tábhachtach Eile

Ní hionann glacadh le duine sa chomórtas seo, agus cuireadh chun freastal ar agallamh, ná litir toraidh rathúil, go bhfuil an CSO sásta go gcomhlíonann an t-iarratasóir riachtanais an róil. Sula molann CSO iarratasóir ar bith a cheapadh sa phost seo, déanfar gach fiosrúchán a mheasfar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarratasóra sin a dhearbhú. Go dtí go mbíonn gach céim den phróiseas iomaíoch tugtha chun críche go hiomlán, ní féidir cinneadh críochnúil a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go bhfuil cinneadh den sórt sin déanta.

### Úsáid Trealaimh Taifeadta

Ní cheadaíonn an CSO úsáid neamhúdaraithe d'aon chineál trealaimh taifeadta ar a áitribh. Baineann sé seo le haon chineál taifeadta fuaime agus le haon chineál grianghraif shocair nó

taifeadta físe, cibé acu a chuimsíonn taifeadadh fuaime nó nach gcuimsíonn, agus clúdaíonn sé aon chineál feiste a úsáidtear chun na críocha sin. Ní mór d'aon duine ar mian leis an trealamh sin a úsáid chun aon cheann de na críocha sin cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an beartas seo i bhfeidhm chun príobháideacht foirne agus custaiméirí a chosaint agus chun sláine ár n-ábhar measúnaithe agus ár bpróiseas measúnaithe a chaomhnú.  Is sárú ar an mbeartas seo é úsáid neamhúdaraithe trealaimh taifeadta ag aon duine. D'fhéadfaí aon iarrthóir a bhfuil baint aige/aici le sárú den sórt sin a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfadh sé/sí a bheith faoi réir ionchúisimh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht & Ceapacháin), 2004.

**Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018**

Ar fhoirm iarratais a theacht uait, cruthaítear taifead faoi d'ainm lena ngabhann cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil. Úsáidtear an taifead pearsanta seo chun d'iarrthóireacht a phróiseáil amháin agus, má éiríonn leat, coinneoidh rannóg Acmhainní Daonna an CSO faisnéis áirithe chun críocha fostaíochta. Tá an fhaisnéis sin atá i seilbh againn faoi réir na gceart agus na ndualgas atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018 agus coinneofar í de réir ár ndualgas faoin Acht um Chartlann Náisiúnta.

Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018, seoltar iarratas i scríbhinn chuig: An tOifigeach um Chosaint Sonraí, An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar Skehard, Corcaigh, T12 X00E. Déantar míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann le haon duine amháin go sonrach, a thiomsú as na taifid ar mhaithe le hábhar staitisticí ginearálta.

Déantar míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann le haon duine amháin go sonrach, a thiomsú as na taifid ar mhaithe le hábhar staitisticí ginearálta.

Chun ár ráiteas maidir le Cosaint Sonraí agus Trédhearcacht a fheiceáil go mion, cliceáil ar an nasc seo a leanas https://recruitment.census.ie/

**<u>An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí</u>**

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, ag teacht in ionad an chreata cosanta sonraí a bhí ann roimhe faoi Threoir

um Chosaint Sonraí an Aontais Eorpaigh. Ar fhoirm iarratais a theacht uait, cruthaítear taifead faoi d'ainm lena ngabhann cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil. Úsáidtear an taifead pearsanta seo chun d'iarrthóireacht a phróiseáil amháin agus, má éiríonn leat, coinneoidh rannóg Acmhainní Daonna an CSO faisnéis áirithe chun críocha fostaíochta. Tagann faisnéis den sórt sin atá ar coimeád faoi réir chearta agus dualgais a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018, seoltar iarratas i scríbhinn chuig: An tOifigeach um Chosaint Sonraí, An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar Skehard, Corcaigh, T12 X00E. Déantar míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann le haon duine amháin go sonrach, a thiomsú as na taifid ar mhaithe le hábhar staitisticí ginearálta.

**Ráiteas Príobháideachta**

Tá meas iomlán ag daonáireamh an CSO ar do chearta príobháideachta pearsanta agus, mar riail ghinearálta, ní bhailíonn sé aon fhaisnéis phearsanta de chineál ar bith gan do chead soiléir. pléifear le haon fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil go deonach don CSO de réir na gcaighdeán is airde slándála agus rúndachta, go docht de réir phrionsabail an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Chun ár ráiteas príobháideachta a fheiceáil go mion, cliceáil ar an nasc seo a leanas https://recruitment.census.ie/

**Ba chóir don iarrthóir a thabhairt chun aire go ndícháileoidh canbhásáil thú agus go gcuirfear amach as an bpróiseas thú dá dheasca.**

2027 daonáireamh census

census.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

Central Statistics Office